I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

MOLTAÍ

AN BANC CEANNAIS EORPACH

MOLADH ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 24 Aibreán 2023

do Chomhairle an Aontais Eorpaigh maider le hiniúchóirí seachtracha Bank Ċentrali ta' Malta/Central Bank of Malta

(BCE/2023/12)

(2023/C 156/01)

TÁ COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 27.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann iniúchóirí seachtracha neamhspleácha atá molta ag Comhairle Rialaithe BCE agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh iniúchadh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2022, tháinig deireadh le sainordú iniúchóirí seachtracha Bank Ċentrali ta' Malta/Central Bank of Malta, KPMG, trí chomhaontú frithpháirteach. Dá bhrí sin, is gá iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2023.

(3) Roghnaigh Bank Ċentrali ta' Malta/Central Bank of Malta Deloitte Audit Ltd mar iniúchóirí seachtracha do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2027,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar go gceapfaí Deloitte Audit Ltd mar iniúchóirí seachtracha ar Bank Ċentrali ta' Malta/Central Bank of Malta do na blianta airgeadais 2023 go dtí 2027.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 24 Aibreán 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE